Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tionól Teagaisc 2024-2025

Tá áthas ar Oide a fhógairt go mbeidh an Tionól Teagaisc, Seimineár Náisiúnta do Mhúinteoirí Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal, á reáchtáil ag Oide ar an **9ú Samhain 2024** in **Óstán Killeshin**, **Port Laoise**, **Co. Laoise**, **R32 TYW7**.

Gach bliain bailíonn múinteoirí na tíre i bhfóram gairmiúil, tacúil, le freastal ar rogha de cheardlanna praiticiúla agus éisteacht le múinteoirí ag roinnt cleachtais agus straitéisí, agus le cainteoirí éagsúla ag labhairt faoi ghnéithe ar leith de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

| Dáta | Ionad | Am |
|---|---|---|
| **9ú Samhain2024** | **Óstán Killeshin,<br>Port Laoise,<br>Co. Laoise,<br>R32 TYW7** | **9:30-15:00** |

Cuirfear lón ar fáil don lucht freastail agus tabharfar mála féiríní dóibh chomh maith! Ba bhreá leis an bhfoireann tú a bheith ina teannta ar an lá agus más maith leat dul ann, is féidir clárú don ócáid ag an nasc seo.

Seolfar tuilleadh nuachta i leith an Tionóil Teagaisc in imeacht ama, chuig aon duine atá cláraithe don ócáid, ar ár gcuntas X **@Oide_PP_Gaeilge** agus ar shuíomh idirlín **www.oide.ie**

**Cláraigh anseo**